GX893

OLLSCOIL NA HÉIREANN

GAILLIMH

DÁMHA NA nDÁN IS AN LÉINN CHEILTIGH

SCOIL NA GAEILGE

SCRÚDUITHE NA BLIANA 2000-1

SEIMEASTAR 1

AN DARA BLIAIN

An Dara Páipéar

NG 237 (ECTS 2.5) agus NG 250 (ECTS 2.5)

Alan Titley
Mícheál Mac Craith
Gearóid Denvir
Cáit Ní Dhomhnaill

Trí huaire an chloig a cheadófar.

Ceithre cheist le freagairt — dhá cheist as Roinn A, ceist amháin as Roinn B agus ceist amháin as Roinn C.

Úsáid freagarleabhar ar leith do gach Roinn.

Roinn A: NG 237 Litríocht an Fichiú hAois

1. 'Is coimhthígh, strainséirí sa saol seo, iad na carachtair i gcuid mhaith de ghearrscéalta na Gaeilge.' Pléigh an tuairim seo maidir le saothar **beirte ar a laghad** atá léite agat ar an gcúrsa seo.

nó

'Nóiméad suntasach i saol an charachtair a nochtaítear de ghnáth sa ghearrscéal, áit a dtagann a shaol uilig le chéile, agus go deimhin áit a ríomhtar a chinniúint freisin, in imeacht meandair amháin.' Pléigh an tuairim seo maidir le saothar **beirte ar a laghad** atá léite agat ar an gcúrsa seo.

2. 'Daoine gan dóchas, gan aon slánú i ndán dóibh, átá i mbunáite na gcarachtar i saothar Phádraic Uí Chonaire.' Pléigh an tuairim sin.

nó

'Dúil an uile rud beo sa bheatha eiliminteach a léirítear sna scéalta sa chnuasach *Dúil* agus ní dhéanann Ó Flaithearta aon idirdhealú idir an duine agus an t-ainmhí sa chás seo.' Pléigh an ráiteas sin.

nó

'Bíodh is go bhfuil laigí sonracha ar ghearrscéalta an Phiarsaigh ó thaobh ealaín an ghearrscéil de, go mórmhór i súile an lae inniu, ní mór a admháil san am céanna gur saothar ceannródaíoch a chuir sé ar fáil lena linn féin.' Pléigh an ráiteas sin.

Nó [féach thall]

'Cruinne shainiúil fantaisíochta ar leith atá cruthaithe ag Dara Ó Conaola in *Mo Chathair Ghríobháin* agus éilíonn an léitheoireacht cealú an díchreidimh ó thaobh an léitheora le brí ar bith a bhaint as na scéalta.' Do thuairim faoin ráiteas sin.

Roinn B: NG 250 Saíocht na Gaeilge

1 Déan cur síos ar na príomhchúiseanna, dar leat, a bhí le meath na Gaeilge sa naoú haois déag in Éirinn.

nó

Déan cur síos ar bhunú agus ar fhás Chonradh na Gaeilge sa tréimhse idir 1893 agus blianta luatha an fichiú haois.

Roinn C: NG 250 Saíocht na Gaeilge

1 Déan cur síos ar chanúintí na Gaeilge. Tabhair samplaí as do chanúint féin nó as na canúintí eile ar an athrú a tháinig ar fhuaimniú focal le himeacht ama.